Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/4259

4.8.2026

**Fógra le haghaidh duine a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise**

(C/2026/4259)

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas in iúl do Tinatin Givievna KANDELAKI a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise.

Tá sé i gceist ag an gComhairle na bearta sriantacha a choinneáil ar bun i gcoinne an duine thuasluaite, bunaithe ar fhianaise nua. Cuirtear in iúl don duine sin, leis seo, go bhféadfaidh sé iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann leis na bearta sriantacha a bheith á gcoinneáil ar bun, **roimh an 11 Lúnasa 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu